Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2025
(OR. en)

7818/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0231(NLE)**

**TRANS 119
MAR 51
AVIATION 41
ESPACE 23
RELEX 423
CH 10
AELE 23**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189 de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú ó … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2014/20/AE ón gComhairle[2], síníodh an Comhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte ('an Comhaontú') an 18 Nollaig 2013, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Cuireadh na eilimintí dó a thagann faoi inniúlacht an Aontais i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2014 go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

(2) Leis an gComhaontú, ceadaítear rannpháirtíocht na hEilvéise sna cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte. Mar gheall air sin, tabharfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais do na cláir.

(3) Le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], bunaíodh Clár Spáis an Aontais. Is comhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais iad na córais Eorpacha um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS).

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh 2014/20/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte (IO L 15, 20.1.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/20(1)/oj).

[3] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Glacfaidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste agus sna grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 20(4) den Chomhaontú, ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---